Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 27 Eanáir 2025**
**(OR. en)**

**5449/25**

**COPS 28**
**EUMC 35**
**POLMIL 10**
**MAMA 14**
**MOG 5**
**COAFR 15**
**CFSP/PESC 97**
**CSDP/PSDC 40**
**ASPIDES 3**
**ATALANTA 4**
**CSC 41**
**PSC DEC 3**
**RELEX 53**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA maidir le Ceannasaí Fórsa an Aontais Eorpaigh a cheapadh le haghaidh oibríocht slándála muirí de chuid an Aontais Eorpaigh chun saoirse loingseoireachta a chosaint i ndáil le géarchéim na Mara Rua (EUNAVFOR ASPIDES) agus lena n aisghairtear Cinneadh (CBES) 2024/2763 (EUNAVFOR ASPIDES/1/2025) |

**CINNEADH (CBES) 2025/… ÓN gCOISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA**

**an…**

**maidir le Ceannasaí Fórsa an Aontais Eorpaigh**
**a cheapadhle haghaidh oibríocht slándála muirí de chuid an Aontais Eorpaigh**
**chun saoirse loingseoireachta a chosaint i ndáil le géarchéim**
**na Mara Rua (EUNAVFOR ASPIDES)**
**agus lena n-aisghairtear Cinneadh (CBES) 2024/2763**
**(EUNAVFOR ASPIDES/1/2025)**

TÁ AN COISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 38 de,

Ag féachaint do Chinneadh (CBES) 2024/583 ón gComhairle an 8 Feabhra 2024 maidir le hoibríocht slándála muirí an Aontais Eorpaigh chun saoirse loingseoireachta a chosaint i ndáil le géarchéim na Mara Rua (EUNAVFOR ASPIDES)[1], agus go háirithe Airteagal 4(2) de,

---

**1** IO L, 2024/583, 12.2.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/583/oj.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 8 Feabhra 2024, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2024/583, lenar bunaíodh oibríocht muirí de chuid an Aontais Eorpaigh chun saoirse loingseoireachta a chosaint i ndáil le géarchéim na Mara Rua (EUNAVFOR ASPIDES).

(2) De bhun Airteagal 4(2) de Chinneadh (CBES) 2024/583, d'údaraigh an Chomhairle an Coiste Polaitiúil agus Slándála cinntí a dhéanamh maidir le Ceannasaí Fórsa an Aontais a cheapadh ar EUNAVFOR ASPIDES ('Ceannasaí Fórsa an Aontais Eorpaigh').

(3) An 22 Deireadh Fómhair 2024, ghlac an Coiste Polaitiúil agus Slándála Cinneadh (CBES) 2024/2763[2], lenar ceapadh an Ceannasóir Konstantinos PITYKAKIS ina Cheannasaí Fórsa an Aontais Eorpaigh ón 1 Samhain 2024.

(4) An 15 Eanáir 2025, mhol údaráis mhíleata na Gréige an Ceannasóir Michail PANTOUVAKIS a cheapadh i gcomharbas ar an Ceannasóir Konstantinos PITYKAKIS, ina Cheannasaí Fórsa an Aontais ('an ceapachán molta') ón 2 Feabhra 2025 ar aghaidh.

(5) An 15 Eanáir 2025, thacaigh Ceannasaí Oibríochta an Aontais Eorpaigh ar EUNAVFOR ASPIDES leis an gceapachán molta sin.

---

[2] Cinneadh (CBES) 2024/2763 ón gCoiste Polaitiúil agus Slándála an 22 Deireadh Fómhair 2024 maidir le Ceannasaí Fórsa an Aontais a cheapadh ar oibríocht slándála muirí an Aontais Eorpaigh chun saoirse loingseoireachta a choimirciú i ndáil le géarchéim na Mara Rua (EUNAVFOR ASPIDES) agus lena n-aisghairtear Cinneadh (CBES) 2024/2038 (EUNAVFOR ASPIDES/4/2024) (IO L 2024/2763, 28.10.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/2763/oj).

(6) An 20 Eanáir 2025, thacaigh Coiste Míleata an Aontais leis an gceapachán molta agus chomhaontaigh siad go gceapfar an Ceannasóir Michail PANTOUVAKIS ina Cheannasaí Fórsa an Aontais Eorpaigh.

(7) Ba cheart cinneadh a dhéanamh maidir leis an gCeannasóir Michail PANTOUVAKIS a cheapadh ina Cheannasaí Fórsa an Aontais Eorpaigh.

(8) Ba cheart Cinneadh (CBES) 2024/2763 a aisghairm,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Ceaptar an Ceannasóir Michail PANTOUVAKIS ina Cheannasaí Fórsa an Aontais Eorpaigh le haghaidh oibríocht slándála muirí an Aontais Eorpaigh chun saoirse loingseoireachta a chosaint i ndáil le géarchéim na Mara Rua (EUNAVFOR ASPIDES) amhail ón 2 Feabhra 2025.

*Airteagal 2*

Leis seo, déantar Cinneadh (CBES) 2024/2763 a aisghairm.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 2 Feabhra 2025.

Arna dhéanamh in/sa ..., ...

*Thar ceann an Choiste Pholaitiúil agus Slándála*
*An Cathaoirleach*

---